Topaic: An páiste

Fothopaic: Pearsantachtaí

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar an mír físe ina bhfuil Dara Ó Cinnéide ag labhairt faoi phearsantachtaí a pháistí.

Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimeoirí, bunaithe ar an mír físe. Ní **plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimeoirí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

Treoracha don Mhúinteoir

Tasc samplach 1: Stór focal

Beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht le Dara Ó Cinnéide ag caint faoi phearsantachtaí a pháistí. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

- Mínigh cé agus cad leis a bheidh siad ag éisteacht.
- Spreag plé beag ar phearsantachtaí chun tuairim a fháil den mhéid atá ar eolas acu cheana féin.
- Scaip an bhileog 'Pearsantachtaí: stór focal' agus cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna chun na colúin a cheangal. Ansin ceartaigh an ghníomhaíocht agus cuir focail bhreise ar fáil de réir mar is gá.

Tasc samplach 2: Éisteacht

Scaip an bhileog 'Pearsantachtaí: Éisteacht'. Cuir na foghlaimeoirí ag obair ar Thasc A sula seinntear an mhír.

Ansin seinn an mhír físe agus cuir ag obair ar an tasc tuisceana iad. Tá sé tábhachtach nach mbeidís ag iarraidh gach focal a thuiscint – spreag iad le díriú ar éirim na míre seachas ar na focail.

Maidir le Cuid C, tá an bhéim ar conas an focal 'bliain' a úsáid i gceart ('dhá bhliain', '3-6 bliana', '7-10 mbliana'). Tabhair an deis dóibh an struchtúr teanga seo a chur i gcomhthéacs – a rá lena chéile cén aois atá, a bhí agus a bheidh a bpáistí.

Tar éis Tasc D, déan iarracht plé a chothú ar phearsantachtaí pháistí na bhfoghlaimeoirí.

Tasc samplach 3: Caint

Scaip an bhileog '3, 2, 1 Abair!' Iarr ar na foghlaimeoirí roinnt réamhullmhúcháin a dhéanamh ar dtús, sula dtosaíonn siad an chaint.

Nuair a thosóidh an chaint, caithfidh siad sealanna a thógáil ag rá an méid is féidir leo laistigh de 20 soicind mar gheall ar na daoine atá sa bhosca. Spreag iad le húsáid a bhaint as na focail a d'fhoghlaim siad mar gheall ar phearsantachtaí.

Pearsantachtaí: Stór Focal

Déan iarracht na colúin thíos a mheaitseáil. An bhfuil focail eile a bhaineann le pearsantachtaí ar eolas agat?

1. Sensitive	a) Cliste
2. Easygoing	b) Trioblóideach
3. Positive	c) Diúltach
4. Negative	d) Cantalach
5. Understanding	e) Cneasta / cineálta
6. Polite	f) Imníoch
7. Cranky	g) Dearfach
8. Troublesome	h) Misniúil
9. Clever	i) Cúthail
10. Kind	j) Tuisceanach
11. Anxious	k) Santach
12. Greedy	l) Goilliúnach
13. Self-confident	m) Béasach
14. Brave	n) Féinmhuiníneach
15. Shy	o) Réchúiseach

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15

Focail bhreise:

Pearsantachtaí: Éisteacht

Beidh tú ag féachaint ar mhír físe ina bhfuil Dara Ó Cinnéide ag labhairt faoi phearsantachtaí a pháistí.

A: Luann Dara na tréithe seo a leanas atá ag a pháistí. An dtuigeann tú iad?

- Macánta
- Staidéartha
- Neamhspleách
- Ag taibhreamh
- Gealgháireach
- Bíonn dea-ghiúmar i gcónaí uirthi
- Deacair gáire a bhaint aisti

B: Anois féach ar an bhfíseán. Cé mhéad a thuig tú? Scríobh an méid is féidir leat faoi gach páiste agus ansin cuir do fhreagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Páiste 1	
Páiste 2	
Páiste 3	
Páiste 4	

C: Fócas ar theanga

- Luann Dara aoiseanna páistí. Cad atá ar eolas agat maidir le conas aois a chur in iúl agus an focal 'bliain' a úsáid?
- Déan iarracht an tábla seo a líonadh:

2	3-6	7-10

- Anois cuir aoiseanna do pháistí féin in iúl do do pháirtí.
- Abair le do pháirtí cén aois a bhí na páistí an bhliain seo caite!
- Abair le do pháirtí cén aois a bheidh na páistí an bhliain seo chugainn!

D: Plé: Féach an cur síos a rinne Dara ar na páistí. An bhfuil éinne díobh cosúil le páiste atá agatsa? Pléigh!

- Duine ciúin, macánta, staidéartha.
- Duine neamhspleách – bíonn sí ag taibhreamh agus is maith léi a bheith ag gabháil do chúrsaí ealaíne.
- Duine gealgháireach, oscailte – bíonn sí i gcónaí ag gáire agus dea-ghiúmar i gcónaí uirthi.
- Duine ciúin – deacair gáire a bhaint aisti uaireanta ach ní thugann sí mórán trioblóide.

3, 2, 1 Abair!

Beidh tú ag caint le do pháirtí ar ball agus beidh 20 soicind agaibh beirt chun an méid is féidir libh a rá faoi phearsantachtaí na ndaoine sna boscaí thíos. Ar dtús, breac nótaí beaga, agus ansin bí réidh chun dul ag caint!

Nótaí:

Mise	Mo dhlúthchara	An múinteoir ab fhearr a bhí agam riamh
An duine is mó a chuireann isteach orm!	An múinteoir is measa a bhí agam riamh	An chomharsa is deise liom
An páiste is dána ar bhuail mé leis / léi riamh!	An laoch atá agam	Gaol a bhfuilim an-cheanúil air/uirthi